

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
MEASÚNÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE
EARRACH 2018**

OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE

Triail Chluastuisceana– 100 MARC

Thart ar 50 nóiméad don triail seo. Gach ceist a fhreagairt as gach Roinn. Do gach ceist cuir ‘tic ’ i mbosca amháin gach uair.

Líon na boscaí seo, le do thoil:-

Uimhir Scrúdaithe	Uimhir PPS	Uimhir Oide

ROINN A: FÓGRAÍ

Seinnfear trí fhógra sa Roinn seo. Seinnfear gach fógra díobh faoi dhó. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

FÓGRA I

1. Cén grúpa a d'eisigh an fógra?

Conradh na Gaeilge

Cainteoirí na Gaeilge

Oireachtas na Gaeilge

Siúlóidí Gaeilge

2. Cén costas atá ar na siúlóidí?

Deich n-euro

Tá siad saor in aisce

Trí euro

Naoi n-euro

3. Céard a dhéanann na daoine a théann ag siúl i ndiaidh na siúlóidí?

Bíonn cupán tae agus dreas cainte acu

Téann siad ag rith

Díolann siad bandaí rosta

Cuireann siad ríomhphost

4. Cén t-eolas a thugann na bandaí rosta faoin duine a chaitheann iad?

Go bhfreastalaíonn an duine sin ar Oireachtas na Gaeilge

Gur maith leo dul ag siúl

Nach bhfuil Gaeilge ag an duine sin

Go bhfuil Gaeilge ag an duine sin

5. Cén post atá ag Majella Ní Chríocháin?

Oifigeach Imeachtaí

Múinteoir Bunscoile

Eagarthóir Eolais

Rúnaí an Oireachtais

FÓGRA II

1. Cén áit a bhfuil Taisce Tuisceana ar fáil?

Ó Chonradh na Gaeilge

Ó scoileanna Lán-Ghaeilge

Ó shuíomh idirlín Taisce Tuisceana

Ó shuíomh idirlín C.O.G.G.

2. Cén chabhair a thabharfaidh an áis do mhúinteoirí?

Léamhthuisceint agus stór focal na bpáistí a fhorbairt

Labhairt agus cruinneas na Gaeilge a fhorbairt

Béarla na bpáistí a fhorbairt

Cumas scríbhneoireachta na bpáistí a fhorbairt

3. Lasmuigh de dhánta agus scéalta, cé na téacsanna eile atá san áis?

Blaganna agus Agallaimh

Comhráite agus Fógraí

Litreacha, Míreanna Nuachta

Tuairiscí, Dialanna, Ríomhphoist

4. Cén taiscéalaí ón stair a bhfuil ábhar san áis faoi?

Críostóir Columbas

Páirc an Chrócaigh

Tóraíocht Taisce

An tOifigeach Tionscadail

5. Céard í uimhir ghutháin an tOifigeach Tionscadail?

(01) 6432951

(01) 6340831

(01) 6350831

(01) 6340721

FÓGRA III

1. Cén grúpa a bhfuil an fógra dírithe orthu?

Conradh na Gaeilge

Múinteoirí meánscoile

Tuismitheoirí

Múinteoirí bunscoile

2. Cé a reáchtálfaidh na himeachtaí do “Bhliain na Gaeilge”?

Páistí bunscoile

Dhá mhíle agus a hocht déag

Oireachtas na Gaeilge

Conradh na Gaeilge

3. Chomh maith le hathbheochan na teanga a cheiliúradh, cén aidhm eile atá ag “Bliain na Gaeilge”?

Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn

Acmhainní ranga a dhíol

Múinteoirí a cheiliúradh

An ceol Gaelach a chur chun cinn

4. Cén áit ar an suíomh idirlín a bhfuil eolas ar fáil faoi na himeachtaí?

Ar an leathanach teagmhála

Ar an am-líne

Ar an nasc chuig na míreanna ceoil

Ar an leathanach baile

5. Céard atá le déanamh chun acmhainní ranga a fháil?

Imeachtaí a eagrú

Clárú ar an suíomh idirlín

Litir a scríobh

Ríomhphost a sheoladh

ROINN B: COMHRÁITE

Seinnfear trí chomhrá sa Roinn seo. Seinnfear gach comhrá díobh faoi thrí. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

COMHRÁ I

1. Cé a thug na ticéid do Shíle?

A deirfiúr

Nollaig

A deartháir

A cara

2. Cá mbeidh an cheolchoirm ar siúl?

Ar an gceathrú lá de Bhealtaine

I bPáirc Uí Chaoimh

In Amharclann na Mainistreach

I lár na cathrach

3. Cén fáth a bhfuil Nollaig buíoch de Shíle?

D'íosládáil sí an t-albam "Divide" dó

Thug sí amhrán Gaeilge dó

Tá spéis aici i gceol Ed Sheeran

Thug sí cuireadh dó dul in éineacht léi chuig an gceolchoirm

4. Cén fhianaise atá sa chomhrá gur múinteoir é Nollaig?

Thug sé a rang amach chuig bialann

Thug sé a rang chuig an gceolchoirm

Mhúin sé cúpla amhrán do na páistí i Rang a Sé

D'fhág sé a mhála scoile ag an gceolchoirm

5. Céard a dhéanfaidh Nollaig agus Síle roimh an gceolchoirm?

Rachaidh siad chuig bialann

Rachaidh siad go TG Lurgan

Rachaidh siad go Baile Átha Cliath

Buailfidh siad le Rang a Sé

Ar lean →

COMHRÁ II

1. Cathain a chuaigh Triona go dtí an phictiúrlann?

An tseachtain seo caite

Aréir

Trí lá ó shin

Ag an deireadh seachtaine

2. Cé hé stiúrthóir an scannáin a chonaic Triona?

Jim Sheridan

Missouri

Frances McDormand

Martin McDonagh

3. Cén duais a bhuaigh an script scannáin sa bhliain 2017?

Duais Oireachtais

Duais Nobel

Cruinneog Órga

Duais Oscar

4. Cén fáth nach bhfuil an príomhcharachtar sásta ag tús an scannáin?

Níor bhuaigh sí duais

Tá an fiosrúchán a rinne na póilíní i ndúnmharú a hiníne míshásúil

Dhúnmharaigh na póilíní a hiníon

Chuir na póilíní trí chlár fógraíochta lasmuigh den bhaile

5. Cén moladh a thugann Triona d'Eoin?

Scannán greannmhar a dhéanamh

Gan dul chun an scannán a fheiceáil

Dul chun an scannán a fheiceáil

An phictiúrlann a sheachaint ag an deireadh seachtaine

COMHRÁ III

1. Cá ndeachaigh Moya ar An Luas Dé Domhnaigh seo caite?

Ó Chearnóg Parnell go Cabrach

Ó Chabrach go Faiche Stiabhna

Ó Chabrach go Sráid Mhaoilbhríde

Ó Shráid Mhaoilbhríde go hArdoifig an Phoist

2. Cá fhad a thóg an turas a rinne Moya?

Thart ar 40 nóiméad

Thart ar 1 uair agus 25 nóiméad

Thart ar 25 nóiméad

Thart ar 50 nóiméad

3. Cén fáth nach bhfuil Pól sásta leis an mbus?

Bíonn sé plódaithe

Bíonn sé níos tapúla ná An Luas

Bíonn sé salach go leor

Bíonn sé tuirsiúil go leor

4. Cá stopann An Luas ar Shráid Uí Chonaill?

Ag Ardoifig an Phoist

Ag Dealbh Uí Chonaill

Ag an Túr Solais

Ag Óstán an Gresham

5. Cén fáth a bhfuil Pól ag iarraidh dul go hIonad Siopadóireachta Shráid Jervis?

Tá sé ag iarraidh bualadh lena chara ann

Tá dearbhán aige dó

Tá sé ag iarraidh dul go dtí an phictiúrlann ann

Tá sé ag iarraidh bronntanas a cheannach ann

ROINN C: MÍREANNA NUACHTA

Seinnfear trí mhír nuachta sa Roinn seo. Seinnfear gach mír díobh faoi dhó. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta

MÍR NUACHTA I

1. Cá raibh Sinéad Burke ag labhairt?

In Institiúid Oideachais Marino

Ag comhdháil do dhearthóirí i mBaile Átha Cliath

Ag comhdháil do dhaoine le míchumas

Ag an bhFóram Eacnamaíoch Domhanda in Davos

2. Cén ghairm bheatha atá ag Sinéad?

Múinteoir páistí le míchumas

Múinteoir bunscoile

Rúnaí ar an bhFóram Eacnamaíoch

Comhairleoir Faisin

3. Cén fáth a bhfuil cáil ar Shinéad?

As an obair a dhéanann sí do dhaoine le míchumas

Bhuaigh sí duais ag an bhFóram Eacnamaíoch

As a cuid múinteoireachta

Dhear sí gúnaí do dhaoine beaga

4. Cén fáth nach bhfuil Sinéad sásta le tionscal an fhaisin?

Bíonn na bróga ró-ard di

Ní bhíonn na dathanna cearta ar na gúnaí

Bíonn na héadaí róchostasach di

Bíonn uirthi éadaí do pháistí a chaitheamh go minic

5. Cén áit inar féidir tuairimí Shinéad a léamh?

Ar bhallaí na bhfoirgneamh in Davos

In irisí faisin

Ar *Twitter*

Ar *Facebook*

Ar Lean →

MÍR NUACHTA II

1. Céard as do Chormac Ó hEadhra?

Sligeach

Conamara

Baile Átha Cliath

Corcaigh

2. Cén post nua atá faighte ag Cormac Ó hEadhra?

Craoltóir ar chlár seachtainiúil

Tuairisceoir Teilifíse

Léiritheoir Teilifíse

Scríbhneoir scrípte le RTÉ

3. Cén t-am a chríochnóidh “Saturday with Cormac Ó hEadhra”?

5.00 i.n.

2.00 i.n.

3.00 i.n.

1.00 i.n.

4. Cé na laethanta den tseachtain a mbeidh Cormac Ó hEadhra le cloisteáil ar RTÉ Raidió na Gaeltachta?

Déardaoin agus Dé hAoine

Dé hAoine agus Dé Sathairn

Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh

Ón Luan go dtí an Déardaoin

5. Conas go bhfuil a fhios agat go bhfuil Cormac Ó hEadhra sásta lena phost nua?

Dúirt sé nach mbeidh aíonna ar an gclár

Dúirt sé go mbeidh air Gaeilge a fhoghlaim

Dúirt sé go bhfuil sé ag tnúth leis

Dúirt sé go mbeidh sé dúshlánach

MÍR NUACHTA III

1. Cén áit i nDún na nGall a bhfuil Aerfort Dhún na nGall suite?

I Leitir Ceanainn

Ar an gCarraig Fhinn

I nGaoth Dobhair

Ar na Rosa

2. Cá fhad a thógann sé dul ó Leitir Ceanainn go hAerfort Dhún na nGall?

35 nóiméad

5 nóiméad

45 nóiméad

25 nóiméad

3. Cé chomh minic is a bhíonn eitiltí ann ó Dhún na nGall go Glaschú?

3 lá sa tseachtain

7 lá sa tseachtain

2 uair sa lá

5 lá sa tseachtain

4. Céard a léirigh an suirbhé a d'eagraigh “Private Fly”?

Go bhfuil Aerfort Dhún na nGall an-ghnóthach

Go bhfuil Aerfort Dhún na nGall an-phictiúrtha

Go bhfuil Aerfort Dhún na nGall an-fhliuch

Go bhfuil Aerfort Dhún na nGall ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin

5. Cén grúpa a úsáideann pictiúir d’Aerfort Dhún na nGall ina n-ábhar fógraíochta?

Slí an Atlantaigh Fhiáin

Private Fly

Fáilte Éireann

Aerfort Ghlaschú